Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2019**
**(OR. en)**

**6499/19**

**ELARG 4**
**NT 2**
**FIN 151**
**COHAFA 15**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Feabhra 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5449/1/19 REV 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:<br>*The Facility for Refugees in Turkey: helpful support, but improvements needed to deliver more value for money* [An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc: tacaíocht chabhrach, ach gá le feabhsuithe chun luach a thabhairt ar airgead]<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2018 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal *The Facility for Refugees in Turkey: helpful support, but improvements needed to deliver more value for money* [An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc: tacaíocht chabhrach, ach gá le feabhsuithe chun luach a thabhairt ar airgead], mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad ar an 19 Feabhra 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2018 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal:**
***The facility for refugees in turkey: helpful support, but improvements needed to deliver more value for money* [an tsaoráid do dhídeanaithe sa tuirc: tacaíocht chabhrach, ach gá le feabhsuithe chun luach a thabhairt ar airgead]**

1. Meabhraíonn an Chomhairle gur cuireadh an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc ar bun mar fhreagra ar ghéarchéim gan fasach na ndídeanaithe a bhí os comhair an Aontais agus na Tuirce. Molann an Chomhairle an Tuirc as na hiarrachtaí suntasacha atá déanta aici beagnach 4 mhilliún dídeanaí a óstáil agus aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas gona Bhallstáit cabhrú leis an Tuirc déileáil leis an dúshlán sin. Meabhraíonn an Chomhairle freisin go bhforáiltear do chomhshásra comhordúcháin le Saoráid an Aontais do dhídeanaithe sa Tuirc - saoráid a dhéanann bainistiú ar 6 bhilliún EUR san iomlán in dhá sciar - agus go bhfuil sí ceaptha ar mhaithe le háirithiú go dtabharfar aghaidh ar na riachtanais atá ag dídeanaithe agus pobail óstacha sa Tuirc dá réir.

2. Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCúirt Iniúchóirí as a Tuarascáil Speisialta agus tugann aird chuí ar na conclúidí agus na moltaí inti. Tugann an Chomhairle dá haire gurb é a bhí mar chuspóir ag an iniúchadh, a chlúdaigh an tréimhse ó bunaíodh an tSaoráid go dtí an 31 Márta 2018, a mheas ar thacaigh an tSaoráid go héifeachtach le dídeanaithe sa Tuirc.

3. Tugann an Chomhairle dá haire go raibh an t-iniúchadh dírithe ar bhainistiú an chéad sciar den tSaoráid agus ar na torthaí a baineadh amach go dtí seo faoin sciar daonnúil, ar fhaireachán a dhéanamh ar cibé acu a chuir an tSaoráid le tacaíocht ábhartha ghasta dhea-chomhordaithe nó nár chuir agus cibé acu a baineadh amach na torthaí a rabhthas ag súil leo leis an sampla tionscadal nó nár baineadh.

4. Leagann an Chomhairle béim ar ábharthacht na dtorthaí a bhí ar an iniúchadh, go háirithe ó tharla go bhfuil dara sciar na Saoráide le cur chun feidhme.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle go forleathan an tátal iomlán ón gCúirt gur thug an tSaoráid freagairt sciobtha ar ghéarchéim na ndídeanaithe i gcomhthéacs a bhí dúshlánach agus go bhfuil tacaíocht chabhrach tugtha ag na tionscadail dhaonnúla do dhídeanaithe chun aghaidh a thabhairt ar na bunriachtanais acu. Mar sin féin, tugann sí dá haire freisin go bhféadfadh an tSaoráid a bheith níos éifeachtaí agus go bhféadfadh sí níos mó luacha a thabhairt ar airgead.

6. Tugann an Chomhairle dá haire go raibh an toradh a raibh súil leis ar na tionscadail a rinneadh iniúchadh orthu i gcoitinne, go háirithe ar an tionscadal is mó a bhí ann, tionscadal nuálach an líontáin éigeandála shábhála shóisialta, a raibh 76% den mhaoiniú leithdháilte a rinneadh iniúchadh air ag dul chuige, agus is mór aici an méid sin. Mar sin féin, tugann sí dá haire freisin an tátal ón gCúirt go bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht na dtionscadal daonnúil, nár bhain an tSaoráid amach go hiomlán an cuspóir aici an maoiniú a bhí ar fáil a chomhordú go héifeachtach agus go bhféadfaí cur le héifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid.

7. Chuige sin, tugann an Chomhairle aird faoi leith do na sé mholadh shonracha ón gCúirt don Choimisiún, lena ndírítear ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht dara sciar na Saoráide a fheabhsú, d'fhonn an méid a leanas a dhéanamh: aghaidh a thabhairt ar riachtanais dídeanaithe a mhéid a bhaineann le bonneagar cathrach agus tacaíocht shocheacnamaíoch ar bhealach níos fearr; feabhas a chur ar an gcuíchóiriú agus ar chomhlántacht na cabhrach; straitéis a chur chun feidhme don aistriú ón gcabhair dhaonnúil go dtí an chabhair um fhorbairt; feabhas a chur ar éifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid; aghaidh a thabhairt, i dteannta údaráis na Tuirce, ar an ngá feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cur leis an bhfaireachán agus tuairisciú ar an tSaoráid.

8. Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCoimisiún as an bhfreagra uaidh, a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta, agus is mór an díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún le gach ceann de na sé mholadh agus go bhfuil sé tosaithe cheana féin ar aghaidh a thabhairt orthu. Tá an tuairim ar aon intinn leis an gCoimisiún go ndearnadh, le dhá bhliain anuas, tionscnamh suaitheanta de chuid an Aontais den tSaoráid do chur chun feidhme chabhair chomhordaithe an Aontais mar fhreagairt ar dhúshláin na himirce ar bhealach na Meánmhara Thoir, i gcomhthéacs an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc agus bheartas imirce níos leithne an Aontais, lenar féidir EUR 3 bhilliún i gcúnamh ón Aontas gona Bhallstáit do dhídeanaithe sa Tuirc a shlógadh go sciobtha.

9. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le haistriú de réir a chéile ón gcabhair dhaonnúil go neamhspleáchas dídeanaithe agus cineálacha níos inbhuanaithe cabhrach, le go mbainfear amach níos mó úinéireachta agus go leanfaidh údaráis na Tuirce de bheith tiomanta. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle don Choimisiún, ag tógáil ar an nóta reatha coincheapa straitéisigh agus ar an nóta clársceidealaithe a cuireadh faoi bhráid an Choiste Stiúrtha, béim níos mó a chur ar straitéis aistrithe, a chomhaontófar leis an Tuirc, a fhorbairt go mear tráthúil agus a chur chun feidhme ina dhiaidh sin.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Chúirt ag díriú ar éifeachtúlacht na dtionscadal a fheabhsú. D'fhonn cur chun feidhme níos fearr agus níos éifeachtaí na Saoráide a áirithiú, leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le leanúint den obair le comhpháirtíochtaí a bhfuil taithí acu, chun go bhféadfaidh údaráis na Tuirce feabhas a chur ar an timpeallacht dhúshlánach oibre d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus teacht ar bhealaí le cur leis an rochtain ar fhaisnéis, lena n-áirítear sonraí príomhúla tairbhithe na dtionscadal cúnaimh airgid.

11. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún í agus Coiste Stiúrtha na Saoráide a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis na saincheisteanna a thagann chun solais sa Tuarascáil Speisialta ón gCúirt Iniúchóirí agus maidir le cur chun feidhme na moltaí réamhráite, agus a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin go córasach agus go hiomlán.

12. I gcomhréir leis na conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2018 maidir le méadú agus le próiseas na cobhsaíochta agus an chomhlachais, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leanúint den Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme go leanúnach, lena n-áirítear na gealltanais maidir le hathligean isteach. I bhfianaise a bhfuil thuas, meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta go leanfaidh an tAontas de thacaíocht airgid agus de chabhair theicniúil a thabhairt, agus é ag cur lena bhfuil bainte amach go dtí seo, chun an comhar a neartú sa réimse seo, lena n-áirítear trí Shaoráid an Aontais do Dhídeanaithe sa Tuirc.